Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9611/22**

**SAN 322**
**PHARM 97**
**MI 428**
**AGRILEG 87**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ceathrar comhaltaí a cheapadh a dhéanfaidh ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí |

1. Foráiltear le mír 1 d'Airteagal 65 de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004[1] go ndéanfaidh an Chomhairle, i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, beirt ionadaithe ó eagraíochtaí othar ('ionadaithe othar' anseo feasta), ionadaí amháin ó eagraíochtaí dochtúirí ('ionadaí dochtúirí' anseo feasta) agus ionadaí amháin ó eagraíochtaí tréidliachta ('ionadaí tréidlianna' anseo feasta), a cheapadh mar chomhaltaí de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA). Roghnófar an ceathrar ionadaithe sin ar bhonn liosta a tharraingeoidh an Coimisiún suas.

2. Tiocfaidh deireadh le téarma oifige an cheathrar ionadaithe reatha an 14 Meitheamh 2022.

[1] JO L 136 an 30.4.2004, lch. 1.

3. An 10 Feabhra 2022, fuair an Chomhairle Cinneadh ón gCoimisiún ina bhfuil liosta iarrthóirí[2] as a roghnófar an ceathrar ionadaithe thuasluaite. Ar an liosta tá cúigear iarrthóirí don ionadaí othar, ceathrar iarrthóirí don ionadaí dochtúirí agus beirt iarrthóirí don ionadaí tréidlianna. Chuir an Coimisiún *curriculum vitae* gach iarrthóra ar fáil freisin.

4. An 24 Bealtaine 2022, fuair an Chomhairle litir oifigiúil[3] ó Pharlaimint na hEorpa inar cuireadh a tuairimí in iúl chun go mbreithneoidh an Chomhairle liosta na n-iarrthóirí.

5. An 1 Meitheamh 2022, tháinig Coiste na mBuanionadaithe (an Coiste anseo feasa) ar chomhaontú maidir leis an nós imeachta chun iarrthóirí a roghnú mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le 8810/22 REV 1. Ar an mbonn sin, roghnaigh an Coiste beirt ionadaithe ó eagraíochtaí othar, ionadaí amháin ó eagraíochtaí dochtúirí agus ionadaí amháin ó eagraíochtaí tréidlianna d'fhonn iad a cheapadh mar chomhaltaí a dhéanfaidh ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta ar Bhord Bainistíochta EMA. Chomhaontaigh an Coiste d'aon toil a mholadh go gceapfadh an Chomhairle na hionadaithe sin agus go dtosódh a sainordú an 15 Meitheamh 2022.

**6. Iarrtar ar an gCoiste an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:**

- **an Cinneadh, mar a leagtar amach in 8904/22[4] é, a ghlacadh mar ítim 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo agus**
- **foilsiú an chinnidh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a fhormheas.**

[2] 6057/22 + ADD 1

[3] 8374/22

[4] Bailchríoch curtha ar an doiciméad ag na saineolaithe dlí agus teanga.